






# Cineálacha bia agus dí

**Éist le Máire agus Tomás ag déanamh amach liostaí siopadóireachta. Cuir tic leis na pictiúir de na rudaí atá ar Liosta Mháire agus ar Liosta Thomáis.**

| | Liosta Mháire | Liosta Thomáis |
|---|---|---|
|  | | |
|  | | |
|  | | |
|  | | |
|  | | |
|  | | |
|  | | |
|  | | |
|  | | |
|  | | |
|  | | |

# Cineálacha bia agus dí
# Béilí

- **Féach ar na cineálacha béilí éagsúla thíos.**
- **Ar dtús, scríobh na cineálacha bia a itear agus na cineálacha dí a óltar i do thír dhúchais. Cuir ceist ar do pháirtnéir faoina thír dhúchais agus ansin, le chéile, scríobhaigí síos na cineálacha bia a itear agus na cineálacha dí a óltar in Éirinn.**
- **Má tá aon fhoclóir uait bain úsáid as d'fhoclóir féin, úsáid ríomhaire an mhúinteora nó iarr ar an múinteoir cabhrú leat.**
- **Bain úsáid as an bhfoclóir a bhaineann le *deacrachtaí cumarsáide* a clúdaíodh i d*Topaic 7: Scileanna agus buanna* má bhíonn cabhair uait.**

| **Béilí** | **Mo thír dhúchais** | **Tír mo pháirtnéara** | **in Éirinn** |
|---|---|---|---|
| **Bricfeasta** | | | |
| **Lón** | | | |
| **Dinnéar** | | | |
| **Tae** | | | |
| **Suipéir** | | | |

(1) An bhfuil mórán difríochtaí idir na tíortha ar fad / *Are there many differences between the countries?*

(2) An bhfuil an leithéid de bhéilí *tae* agus *suipéir* i do thír dhúchais / *Are there such meals as tea and supper in your country?*

(3) Cad é an béile is fearr leat / *What is your favourite meal?*

# Script

**Liosta Mháire**

**Scéalaí:** *Tá Máire ag caint lena fear céile, Simon.*

**Máire:** Tá mé ag dul go dtí an siopa. Cad atá ag teastáil uainn?

**Simon:** Tá arán agus im ag teastáil, pé scéal é.

**Máire:** Arán agus im, ok. Ar mhaith leat iasc don dinnéar agus prátaí b'fhéidir?

**Simon:** Go breá.

**Máire:** Iasc agus prátaí ar an liosta mar sin!

**Simon:** Cad faoi bhuidéal fíona don dinnéar freisin?

**Máire:** Mmm. Fíon geal leis an iasc!

**Simon:** Agus uachtar reoite, b'fhéidir?

**Máire:** Mmm. Cinnte!

**Simon:** *(Osclaíonn sé an cuisneoir)* Oh oh, níl aon bhainne fágtha!

**Máire:** Dhá lítear bainne mar sin. Ceart go leor. Chífidh mé ar ball thú!

**Simon:** Slán leat!

**Liosta Thomáis**

**Scéalaí:** *Tá Tomás ar an nguthán lena chara, Aoife.*

**Aoife**: Hi, a Thomáis. Aon scéal?

**Tomás:** *(agus é buartha, faoi bhrú)* Aoife, …tá mé díreach istigh ó chluiche rugbaí agus tá teachtaireacht ar an nguthán ó mham. Tá sí ag teacht chun an t-árasán nua a fheiceáil anois! Tá an áit trína chéile!

**Aoife:** *(Ag gáire*) Tabhair cupán tae di agus píosa císte agus beidh gach rud ceart go leor.

**Tomás:** Tae agus císte? Níl aon bhia san árasán! Ceannaím cupán caife sa gharáiste ar mo bhealach go dtí an obair ar maidin, ithim ceapaire san oifig ag am lóin agus téim go dtí an *chipper* do mo dhinnéar!

**Aoife:** *(go gealgháireach)* Téigh go dtí an siopa *Spar* ag an gcúinne. Faigh tae, bainne, siúcra agus císte, b'fhéidir buidéal uisce chomh maith. Beidh tú ar ais in am.

**Tomás:** *(Cloisimid scríobadh a phinn agus é ag caint*) Tae, bainne, siúcra agus císte. Buidéal uisce… Go maith, smaoineamh maith! Eh, ar mhaith leat dul go dtí *an pizzeria* nua sin don dinnéar anocht?

**Aoife:** An-smaoineamh ar fad. Feicfidh mé thú ag a hocht a chlog mar sin. Abair 'Hello' le do mham! Slán go fóill! *(Cloisimid cloigín an dorais ag bualadh)*

**Tomás:** Ó, a Thiarna. Sin í ag an doras cheana féin!